



Dánlann Crawford





Dánlann Crawford

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019

TABLE OF CONTENTS

Brollach an Chathaoirligh	4
Réamhrá an Stiúrthóra	6
Tuarascáil Taispeántais 2019	8
Tuarascáil an Chláraitheora	14
Foghlaim agus Taiscéal	22
Margaíocht	30
Cairde Dhánlann Crawford	40
Creidmheasanna Íomhá	44

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH





Thar ceann Bhord Stiúrthóirí Dhánlann Crawford, is cúis mhór áthais dom a thuairisciú ar 2019 mar bhliain dhinimiciúil do Dhánlann Crawford, bliain de chomhoibrithe leathnaithe agus comhpháirtíochtaí nua.

Ba í 2019 an chéad bhliain féilire iomlán de 7 lá in aghaidh na seachtaine agus gníomhaíocht ar an láithreán, agus ar an gcaoi sin leathnaíodh ár dtionchar poiblí, ár n-infheictheacht agus ár sroicheadh. Tháinig méadú suntasach ar líon na gcúairteoirí agus mheall an Dánlann os cionn 265,000 cuairteoir faoi dheireadh na bliana, méadú 15% ar 2018, le taighde ag tabhairt le fios go raibh cuairteoirí an-sásta leis an dánlann agus go rachaidís ar ais chuici agus go molfaidís í.

Tá Dánlann Crawford an-tiomanta do thacú le clár oibre cultúrtha, eacnamaíochta agus folláine chathair Chorcaí agus an réigiúin níos leithne chomh maith le cur go hiomlán leis an gclár oibre náisiúnta mar institiúid chultúrtha náisiúnta. Cuireadh pleananna don athfhorbairt chun cinn tríd an gCód Caiteachais Phoiblí

Bhí clár na Dánlainne Taispeántais agus Foghlaim agus Taiscéal spreagúil agus uaillmhianach ó thaobh scála agus scóip de. Chuir siad ár lucht féachana níos óige i gcroílár oibríochtaí na Dánlainne, go háirithe le taispeántas mór samhraidh 'Seen and Not Heard' le spás súgartha cruthaitheach atá ag teacht chun cinn. Ba eispéireas uathúil é seo dár lucht féachana inar spreagadh rannpháirtíocht ghníomhach.

Thug an Dánlann, trína chlár, aitheantas do Tiomnacht Gibson, tiomnacht shuntasach a fuarthas i 1919 a chuir go mór le bunú na Dánlainne. Go luath in 2019, cuireadh i gcrích gníomhas Bronntanais an bhailiúcháin lena gcumasaítear an bailiúchán a aistriú ó BOO Chorcaí.

Cruthaíodh go leor comhpháirtíochtaí nua le hinstitiúidí cultúrtha in Éirinn agus thar lear. In 2019, chuir an Crawford tús le clár nua cara bunaitheora chun cleamhnas níos dlúithe a spreagadh idir an pobal gnó agus an Dánlann.

Thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Dhánlann Crawford as a saineolas, a ndílseacht agus a dtiomantas a chinntíonn go leanann Crawford ag dul chun cinn, ag rathú agus ag spreagadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe cruthaitheacha agus lenár bpátrúin, Cairde Crawford agus urraitheoirí as a rannpháirtíocht fhlaithiúil, a dtacaíocht agus a n-aird agus lenár gcúairteoirí a bhfuil ár n-íarrachtaí uile tiomnaithe dóibh

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Aire Josepha Madigan agus leis na hoifigigh sa Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta as a n-abhcóideacht agus a dtacaíocht do Dhánlann Crawford, an OOP, Fáilte Éireann agus Comhairle Cathrach Chorcaí as fíor-chomhpháirtíochtaí

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun aitheantas a thabhairt don scil agus an tiomantas urghnách a thugann bord agus fochoistí Crawford go deonach don Bhord agus táimid go léir ag tnúth le todhchaí corraitheach do Dhánlann Crawford

Rose McHugh
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA



MISEAN DHÁNLANN CRAWFORD

Déanann Dánlann Crawford trína Chlárú, a Bhailiú agus a Fhoirgneamh - iniúchadh ar an todhchaí, déanann sé machnamh ar an lá atá inniu ann agus nochtann sé an t-am atá thart ag cruthú comhráite tarraingteacha thar na hamlínte.

Bliain shuntasach ab ea 2019 i nDánlann Crawford ar go leor bealaí, ach go háirithe, mar chomóradh 100 bliain ar Thiomnacht Gibson a rinne Joseph Stafford Gibson i 1919 a leag an bhunchloch do chruthú Dhánlann Crawford.

In 2019, ghlac Dánlann Crawford straitéis eagrúcháin trí bliana a leag amach treo-chlár don todhchaí agus ina theannta sin fuair sé creidiúnú eatramhach um Chlár Caighdeán Músaem na hÉireann ó Chomhairle Oidhreachta na hÉireann.

Ár gclár: Bhí taispeántais, tionscadail, clár Foghlaim agus Taiscéal uailmhianach ó thaobh scála agus scóip de agus léirigh siad misean agus luachanna na heagraíochta.

Áiríodh inár gClár Taispeántais agus Tionscadail

- An Tiomnacht Gibson 1919 go 2019 Roghnú, Bailiú agus Daonchairdeas
- Seen and Not Heard- seó grúpa mór
- Spás Súgartha Seen and Heard
- Harry Clarke *Dreaming in Blue*
- Andrew Kearney *Mechanism*
- Mary Swanzy *Voyages*
- Ailbhe Ní Bhriain *Great Good Places*
- Marianne Keating *The Ocean Between*
- *That Abrupt Magnificence View of Killarney* le Johnathan's Fisher
- Vajiko Chachkhiani *Winter which was not there*

Leis an spás súgartha Seen and Heard cruthaíodh clár ceannródaíoch inar athraíodh an gailearaí uachtarach ina spás súgartha gníomhach, comhoibritheach agus cruthaitheach do mhíonna an tSamhraidh.

Cláraíodh comhpháirtíochtaí cruthaitheacha leis na healaíontóirí Will Sliney, Eamon O Kane, Amharclann Graffiti, Féile Scannán Chorcaí, puipéid Downtcha agus Printéirí Chorcaí.

Léirigh an tiomantas seo do lucht féachana agus do theaghlaigh níos óige ár gcreideamh i gcomhoibriú agus lucht féachana nua a thógáil don todhchaí.

Chláraigh ár gClár Foghlaim agus Taiscéal go leor cainteanna, ceardlanna léachtaí agus comhoibrithe.

In 2019, rinne an Gailearaí athbheochan ar a shuíomh ar líne agus leathnaigh sé go mór a raon, a thionchar agus a infheictheacht. Cuireadh an bailiúchán ar fáil go digiteach agus cruthaíodh go bhfuil luach mór ag baint leis seo dár lucht féachana, ealaíontóirí taighdeoirí agus oideachasóirí.

Tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht lucht féachana agus fuair ár gcuartheoirí bealaí níos uathúla chun idirghníomhú lenár gcuid saothar agus lenár gclár.

Tá Dánlann Crawford an-bhuíoch dá lucht tacaíochta agus oibrithe deonacha iomadúla, go háirithe ár n-ealaíontóirí taispeántais, ár gcomhpháirtithe cultúrtha agus pobail, Cairde Dhánlann Crawford, Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta eile agus Músaeim Idirnáisiúnta as iasachtaí, treoir agus tacaíocht a éascú.

Fáilte Éireann as a tacaíocht fhorbartha, cúnamh agus comhairle leanúnach, do Chomhairle Cathrach Chorcaí agus don iliomad gnóthaí atá lonnaithe sa réigiún as a n-uailmhian athnuaite do Dhánlann Crawford agus chun Corcaigh a dhéanamh ina réigiún cathrach beoga ar leith.

Gabhaimid buíochas lenár lucht féachana, pátrúin agus maoinitheoirí iomadúla. Ba mhaith linn buíochas suntasach a ghabháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, go háirithe an tAire Josepha Madigan, Ard-Rúnaí Katherine Licken, agus le Conor Falvey, Kevin Lonergan, Orlaith Gleeson agus Clare Pilkington lena n-oibrímid chun Crawford inbhuanaithe a chinntiú amach anseo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn foireann Dhánlann Crawford atá antiomanta dá gcuid oibre agus i dteannta a chéile aitheantas a thabhairt do thacaíocht ollmhór ár gCathaoirleach Rose McHugh, ár mBord Stiúrthóirí agus baill an fhochoiste as a dtreoir, a rialachas agus a n-abhcóideacht chun tacú le hathnuachan leanúnach Dhánlann Crawford.

Mary Mc Carthy
Stiúrthóir 2019

2019 TUARASÇÁIL TAISPEÁNTAIS



Chuir Dánlann Crawford raon iomlán agus éagsúil taispeántas agus tionscadal speisialta ar fáil in 2019, ag cruthú taispeántais shuntasacha shealadacha agus bhailiúcháin in éineacht le tionscadail speisialta a leathnaigh lucht féachana nua agus a rannpháirtíocht laistigh agus lasmuigh d'fhoirgnimh na dánlainne. I measc na dtaispeántas sealadach cinniúnach bhí **Seen Not Heard** agus a mhacasamhail nuálach, **Seen And Heard Playspace**; agus chonaic an gailearaí a thiomantas ceithre bliana do chleachtas ealaíne **Daphne Wright** sa taispeántas a coimisiúnaíodh go speisialta **Daphne Wright: A Quiet Mutiny**. Chomh maith leis sin, in 2019 seoladh clár ardáin spreagúil trí bliana faoi stiúir Ealaíontóra a chuir ar chumas ealaíontóirí a gcuid spéiseanna taighde reatha a shaothrú agus ceangal a dhéanamh le lucht féachana trí chomhoibriú le Dánlann Crawford, chruthaigh taispeántas ilmheán **Marianne Keating The Ocean Between** tuiscintí nua agus breise de shaothar Éireannach curtha faoi dhintíur sa Mhuir Chairib agus a stair agus a leagáidí casta.

Leanadh comhpháirtíochtaí le hinstiúidí atá bunaithe in Éirinn Leanadh comhpháirtíochtaí le hinstiúidí atá bunaithe in Éirinn ag fás i dtaispeántais uaimhianacha lena n-áirítear **Mary Swanzy: Voyages**, arna dtionscnamh ag Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus arna gcoimeád ag Seán Kissane mar chuid de Shraith Máistrí Nua-Aimseartha IMMA. Leathnaigh an **Seen And Heard Playspace** a bhí comhthreomhar leis an taispeántas **Seen Not Heard** comhpháirtíochtaí le Féile Scannán Chorcaí, Amharclann Graffiti Luathbhlianta BEAG, Puipeid Downton, Déantóirí Priontála Chorcaí agus Playful Paradigm (féach tuarascáil Foghlaim & Taiscéal le haghaidh tuilleadh faisnéise). Ag an am céanna bhí an taispeántais

Andrew Kearney: Mechanism mar chuid de comhpháirtíocht chamchuarite le Center Cultural Irlandais, Páras agus The Dock, Carraig na Sionainne, ar dhall cuid den tsuiteáil coisithe lasmuigh den dánlann faoi ghrian na maidine agus a ghníomhaigh mar thairseach chuig na dánlanna laistigh.

Bhí an-áthas ar Dhánlann Crawford a bheith ag obair arís le **Sounds from a Safe Harbour**, ceann d'fhéilte nuálacha Chorcaí a chuir tús le tionscadal trasdhisciplíneach **Heartship**, a rinne ceiliúradh ar rannchuidiú sheirbhísí Cabhlaigh na hÉireann leis an ngéarchéim dhaonnúil sa Mheánmhuir áit ar chuidigh siad an oiread sin daoine a shábháil ón mbás. Thug sé aghaidh go mór ar tharrháil agus imeacht an oiread sin croíthe laistigh den aigéan sin ag na healaíontóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu ar nós **Dorothy Cross, Lisa Hannigan** agus **Alan Gilzenan** i gcomhpháirtíocht le Gailearaí Glucksman, Músaem Pitt Rivers, Oxford, Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Comhairle Cathrach Chorcaí.

Lean an Gailearaí lena chomhpháirtíocht fhuinniúil le **Cork Midsummer Festival** ag leathnú rannpháirtíochta an lucht féachana, chun roinnt imeachtaí a tháirgeadh a chuimsigh teagmháil thaitneamhach **Tanya El Khoury**, an stíl promanáide **A Night at the Gallery** le **Crosstown Drift** agus a óstáil **Festival Talks** ina raibh stiúrthóir **Enda Walsh** agus a chomhoibritheoir fad-ama **Pat Kiernan** (stiúrthóir ealaíne, **Corcadorca Theatre Company**) agus an drámadóir **Kaite O'Reilly**, an stiúrthóir **Phillip Zarrilli**, leis an scríbhneoir **Seamus O'Mahony**. D'óstáil Dánlann Crawford freisin **Symposium How It Is - Gare St Lazarea** an dara Siompóisiam idirnáisiúnta a óstáladh in Éirinn agus a dhírigh ar úrscéal Samuel Beckett i 1963, *How it is*. An taispeántas **Marianne Keating: An Ocean**

Between agus The Fig Reveal leis an gcoimeádaí clasaiceach **Eoin Dalton** a bhí le feiceáil freisin i gclár na féile beoga seo.

Lorgaíodh iarratais ar iasachtaí i rith na bliana agus fuarthas go buíoch iad ó roinnt iasachtóirí lena n-áirítear IMMA, Gailearaí Chathair Luimnigh, Músaem Uladh, chomh maith leis an iliomad ealaíontóirí flaithiúla agus iasachtóirí príobháideacha a chuir ar chumas na Dánlainne taispeántais d'uaimhian idirnáisiúnta agus ábharthacht áitiúil agus náisiúnta a chruthú le linn 2019.

As an cúig thaispeántas déag agus tionscadal speisialta a thionscain, a léirigh agus a chomhpháirtigh Dánlann Crawford le linn 2019, lean trí cinn ón mbliain roimhe sin: **Earth, Wind & Fire: Made in Cork Contemporary, Heroes and Villains** agus **Harry Clarke: Dreaming in Blue**, an dara ceann acu sin an chéad cheann de na taispeántais bhliantúla ag ceiliúradh sraith Clarke "The Eve of St Agnes" a tionóladh i rith seachtainí na Nollag agus roimh an oíche roimh Naomh Agnes - 20 Eanáir.

① **Seen not Heard** rinneadh iarracht scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar tháinig ionadaíocht na hóige chun cinn go stairiúil in Éirinn agus chun comhráite a spreagadh faoi cad é leanbh in Éirinn inniu. Le portráidí uasaicmeacha coimisiúnaithe ann, léirithe de leanaí ón lucht oibre agus saothair a ghlacann chuimhneacháin spleodracha ón fantaisíocht go dtí an saol laethúil, bhí an taispeántas dírithe beagán ar thrí chroíthéama: Cumhacht, Dearcadh agus Súgradh. Arna chomh-coimeáda ag Anne Boddaert agus an coimeádaí óstach Victoria Evans, bhí seachtó a ceathair saothar ó bhailiúchán Dhánlann Crawford, Gailearaí Náisiúnta na Éire agus IMMA chomh maith le saothair iasachta ó iasachtóirí

príobháideacha, agus ó ealaíontóirí nó a ngailearaithe ionadaíocha. Mhair an taispeántas thar cheithre chéad bliain ag tosú le pictiúr **Stephen Slaughter** Lady and Child (1745) go taispeántas saothar níos déanaí a cruthaíodh go sonrath don taispeántas.

I measc na n-ealaíontóirí bhí: **Robert Ballagh, David Barrett, Catherine Barron, Anthony Barry, William Gerard Barry, Hugues de Beaumont, Boethus, Muriel Brandt, James Brenan, Louis Le Brocquy, Frederick Buck (curtha i leith), Cristina Bunello, Julia Catherine Callanan, Margaret Cameron, Jules-Cyrille Cavé, John Minton Connell, Otto Dix, Bernadette Doolan, Rita Duffy, Michael Flynn, Norman Garstin, Debbie Godsell, Jennie Ashton Hackett, Michael Healy, Nathaniel Hill, Evie Hone, Robert Hunter, Harry Aaron Kernoff, Vera Klute, Charles Lamb, James Latham, Gustave-Leonhard de Jonghe, Les Levine, Alice Maher, Mahony, Colin Middleton, Vik Muniz, John Murphy, Seamus Murphy, Norah Brigid Ni Chuill, John O'Keeffe (curtha i leith), Walter Frederick Osborne, Sheila Pomeroy, Basil Rákóczi, Patrick Redmond, Paula Rego, Stephen Slaughter, Edith Anna CEnone Somerville agus Elinor Wiltshire.** Coimisiúnaíodh Ellie O'Byrne, saor-iriseoir le spéis ar leith sna healaíona, sa chomhshaol agus i saincheisteanna sóisialta, chun téacs a scríobh a ghabhann leis an taispeántas ag soláthar pointí iontrála don taispeántas.

B'fhéidir go macallaíonn an nath atá as dáta 'gur chóir leanbh a fheiceáil agus gan é a chloisteáil' fós in intinn roinnt daoine, ach aithnítear go forleathan anois an tábhacht a bhaineann le súgradh i bhforbairt leanaí. Ar an gcéad urlár, chuir an turgnamhach **Seen and Heard Playspace** spás

iontach ar fáil le deiseanna do leanaí agus do dhaoine fásta araon imirt, cruthú, léamh, aisling agus fiú tarraingt ar an mballa. Thar cheithre mhí, athraíodh an spás súgartha go míosúil - agus ar bhonn seachtainiúil i mí Lúnasa - chun freastal ar raon leathan cruthaitheachta, inniúlachtaí agus roghanna (féach Foghlaim & Taiscéal le haghaidh tuilleadh faisnéise). Thug teaghlaigh go háirithe, cuairt arís agus arís eile ar **Seen Not Heard** agus **Seen and Heard** mar go raibh caidreamh agus crosbhealach idir leanaí agus cleachtas ealaíne ar thús cadhnaíochta sa taispeántas agus sa spás súgartha. Bhí fuaim na súgartha ar fud na dánlanna meisciúil do gach cuairteoir agus ball foirne agus thug sé atmaisféar fáilteach agus fuinniúil laistigh de na dánlanna agus don raidhse lucht féachana nua a mheall cláir chomh dinimiciúil agus chomh spraíúil sin.

Leis an taispeántas ar scála mór arna coimisiúnú ag Dánlann Crawford de shaothar nua leis an ealaíontóir cáiliúil Daphne Wright dar teideal ② **Daphne Wright: A quiet mutiny** tiomantas na Dánlainne do chleachtadh agus do dhéanamh ealaíontóirí. I saothar Wright pléitear go ciúin riocht an duine agus na céimeanna tábhachtacha den saol a dtéann muid tríd, atá tochtmhar agus leamh ag an am céanna. Sa taispeántas seo a bhfuil ardmholadh ag dul dó, ar taispeántas thar dhá urlár gailearaí, chruthaigh Wright saolta a bhí diamhair agus álainn: tagann rudaí eolacha ón saol laethúil faoi ghrinnschrúdú an ealaíontóra lena n-áirítear bugaithe, plandaí tí cuisneoir agus líníocht linbh. Ag leathnú ar an gcleachtas dealbhóireachta atá aici cheana, dhírigh Wright ar ábharthacht cré tirime, neamhbhacáilte, ag cruthú contrárthachta d'eolas agus leochaileacht. Scríosann Wright na smaointe faoi theach baile a bheith ina áit neamhurchóideach, chocúnáilte. Tarraingíonn a cuid oibre aird ar nádúr radacach

agus treascrach an 'tí' agus tugann sí cumhacht dó go n-aithneofar é laistigh d'idirphlé polaitiúil agus sóisialta níos leithne.

Ag gabháil leis an taispeántas bhí foilseachán ó Dhánlann Crawford le téacsanna le **Ellen Mara de Watcher** (scríbhneoir agus léachtóir comhlach, Central St Martins, Londain) agus **Oliver Basciano** (ArtReview, Eagarthóir ag Large) agus Dawn Williams (coimeádaí, Dánlann Crawford). Seoladh an foilseachán le plé poiblí idir Daphne Wright agus **Annie Fletcher**, Stiúrthóir, **Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann** agus ba é Design HQ, Baile Átha Cliath, a dhear é agus chuir Watermans, Corcaigh i gcló é.

I mbliana freisin sheol Dánlann Crawford clár nuálach nua trí bliana faoi stiúir an ealaíontóra a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le healaíontóirí a gcuid spéiseanna taighde reatha a shaothrú agus ceangal a dhéanamh le lucht féachana trí chomhoibriú le Dánlann Crawford, lena láithreán, lena bailiúchán agus lena suíomh. Tá sé mar aidhm ag an gclár forbairt a dhéanamh ar shlí bheatha ealaíontóra - go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta - agus an caidreamh intreach atá aige leis an institiúid go minic.

③ **Marianne Keating: The Ocean Between** tugadh aghaidh ar stair fholaithe diaspóra na hÉireann sa Mhuir Chairib, tríd an stair seo a athchruthú go rianúil trína rianta cartlainne. Dhírigh a suiteáil ilmheán ar ghluaiseacht oibríthe agus eisimircigh Éireannacha faoi chuing ag deireadh an ochtú haois déag agus tús an naoú haois déag go Barbadós agus lamáice agus na leagáidí ar fhág siad sa Mhuir Chairib comhaimseartha dá bharr. Ag rianú imirce na nÉireannach ó chalafoirt lena n-áirítear Corcaigh, Luimneach agus Béal Feirste, déanann tionscadal Keating iniúchadh ar an ról a bhí ag Teach



an Chustaim san an Ochtú haois déag - áit a bhfuil Dánlann Crawford lonnaithe anois - chun scéalta nua a chinneadh timpeall ar dhiaspóra na hÉireann mar fhreagairt ar na 'máistir-scéalta' ceannasacha de náisiúnachas an Iarthair, ag athscríobh stair an cheannasaigh 'eile'. Tá **Kevin Gaffney** ag obair le Dánlann Crawford don dara cuid den chlár Ardán in 2020.

4 **Andrew Kearney: Mechanism** Ba shuiteáil solais agus fuaime a bhí ina shaothar a bhí freagrúil don timpeallacht ina raibh comhphárteanna leictreonacha, tionsclaíochta agus amharclainne ar tugadh le chéile chun freagairt, éisteacht agus frithghníomhú do shaol laethúil lár chathair Chorcaí ina bhfuil an gailearaí suite. Agus é suite sa ghailearaí uachtarach agus taobh amuigh den fhoirgneamh, rinne Kearney na spásanna a bhunathrú go féasta amhairc agus sonrach dár lucht féachana. I dtaispeántas camchuarite arna thionscnamh ag Center Culturel Irlandais, Páras agus i gcomhpháirtíocht le The Dock, Carraig na Sionainne, bhí trí shaothar nua a chruthaigh an t-ealaíontóir go sonrach do Dhánlann Crawford ar taispeántas agus leanadh le hiniúchadh Kearney ar stair shraitheach na ndaoine agus na bhfoirgneamh.


Ag breathnú anuas ar an bplás poiblí, Plás Emmet, bhí 'mandala' ciorclach scáthánach curtha i láthair mar thairseach don taobh istigh den ghailearaí trí aghaidh an fhoirgnimh ón ochtú haois déag. Ag freagairt go díreach do spadhair an nádúir agus na gluaiseachta laistigh den spás poiblí chruthaigh sé raidhse machnaimh agus fuaimeanna ag freagairt do na dálaí athraitheacha in aon lá amháin - ag mealladh lucht féachana i gcomhráite agus i mbreathnuithe maidir lena dtimpeallacht.

Ag an am céanna le taispeántas Andrew Kearney bhí 5 **Mary Swanzy: Voyages** sna dánlanna íochtaracha. Ba dhuine uathúil agus ceannródaíoch in Ealaín na hÉireann í Swanzy (1882-1978) a mhair le linn breithe na Nua-Ealaíne agus tar éis 1914 bhí sí ar taispeántas ag na salóin i bParás. Tá a leibhéal gnóthachtála, taisteal domhanda agus a smointeoireacht bhunaidh gan chomhoiriúnú in ealaín na hÉireann, ach seo an chéad taispeántas iardhearcach dá saothar le 50 bliain. Bhí sé mar aidhm ag an taispeántas seo a thionscain IMMA ár lucht féachana a thabhairt isteach arís ar éachtaí urghnácha an ealaíontóra seo agus í a chur ar ais mar Mháistir Éireannach na Nua-Ealaíne. Bhí os cionn 70 saothar ar taispeántas sa taispeántas spéisiúil seo, arna choimeád ag Seán Kissane (IMMA) agus tugadh an taispeántas ar camchuarite chuig Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh, tar éis taispeántas a raibh tionchar ag doimhneacht agus fairsinge oibre an ealaíontóra ar ár lucht féachana.

Léiríodh dhá taispeántas sa bhliain freisin d'ealaíontóirí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu **Ailbhe Ní Bhrian** (IRE) agus **Vajiko Chachkhiani** (GEO) a ghníomhaigh an seomra scagtha lena gcuid scannán 'Great Good Places III' (2011) agus 'Winter which was not there' (2017) faoi seach. Agus é curtha i láthair ag Dánlann Crawford i gcomhthráth le Recasting Canova a cheiliúránn dhá chéad bliain na Canova Casts, an bronntanas mór le rá atá mar bhunús do bhailiúchán na dánlainne, faigheann scannán Ní Bhrian a theideal ar iasacht ó ghearrscéal Henry James 'The Great Good Place' agus tarraingíonn sí ar an sciarradh idir aisling agus réaltacht a gabhadh sa scéal agus a atmaisféar aisteach - ag an am céanna leamh agus sainchreidmheach. Is tearmann dodhéanta ach doiléir é Great Good Place le James ina n-iompraítear

na daoine atá ró-oibrithe agus róthógtha go háit dhraíochtúil. Déanann Ní Bhriain sraith de shuíomhanna cineálacha agus láithreacha ar leith a athchruthú, lena n-áirítear Dánlanna Dealbhóireachta Dhánlann Crawford mar shuíomhanna teannais agus díláithrithe.

6 D'fhéadfaí féachaint ar **Winter which was not there** le **G Chachkhiani** ar mheafar de duine a shaoradh óna stair féin, agus d'ardaigh sé na ceisteanna sochaíoch tráthúla níos leithne maidir le cén fáth a ndéantar figiúirí stairiúla a chanónú trí mheán na healaíne, agus cad é an tionchar ar an duine aonair nuair a itheann an stair í féin agus nuair a théann deilbh íocónacha polaitiúla agus cultúrtha i léig. Ceistiú a dhéanamh ar ábharthacht an chaoi a gcuireann an pobal agus an sféar príobháideach isteach ar ár meabhair agus cén tionchar atá aige uirthi.





TUARASCÁIL AN CHLÁRAITHEORA



CLÁR

Déanann Oifig an Chláraitheora bainistíocht ar an gclár taispeántais d'iasachtaí isteach agus amach, chomh maith le aire a thabhairt do chlárúchán bailiúcháin, aire a thabhairt don bhailiúchán, an bailiúchán ar líne a fhorbairt maraon le bainistíocht an bhailiúcháin ghinearálta a fhorbairt.

ÉADÁLACHA

Fuair Dánlann Crawford 2 shaothar ealaíne nua in 2019, inar bronnadh na bronntanais go fial.

① **Stephen Doyle**, *Dylan is Ainm Dom*, 2018, meáin mheasctha ar bord (ola agus gloine neoin), 120 x 120 cm. Deonaithe, 2019 Uimh. **Cat. No. CAG.3057**

② **William Sheehan**, *Portrait of a Lady*, 19ú hAois, ola ar chanbhás Deonaithe, 2019 Uimh. **Cat. No. CAG.3058**

IASACHTAÍ Ó DHÁNLANN CRAWFORD DO THAISPEÁNTAIS SHEALADACHA

③ Don taispeántas, **Stephen McKenna (1939-2017)**, VISUAL Ceatharlach, 9 Feabhra - 18 Bealtaine 2019
CAG.2806, Stephen McKenna, *Albacora*

④ Don taispeántas, **Making their Mark: Irish Painter-Etchers c.1880-1930**, Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2 Márta - 30 Meitheamh 2019
CAG.277, George Atkinson, *Shannon Scheme No. 1: Keeper Mountain*

CAG.3027, George Atkinson, *Shannon Scheme: The Excavations*

CAG.3026, George Atkinson, *Shannon Scheme: The Culvert*

CAG.2028, George Atkinson, *The Bells of Shandon*

⑤ Don taispeántas, **Shaping Ireland: Landscapes in Irish Art**, Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, 29 Márta - 7 Iúil 2019

CAG.2257, Norah McGuinness, *First Snow*

⑥ Don taispeántas, **Lavery agus Osborne: Observing Life**, Músaem Hunt, Luimneach, 1 Meitheamh - 30 Meán Fómhair 2019.

CAG.2776, Walter Osborne, *A November Morning*

CAG.2802, John Lavery, *Habiba*

⑦ Don taispeántas, **Mary Swanzy: Voyages**, Gailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh, Luimneach, 20 Meitheamh - 25 Lúnasa 2019

CAG.2773, Mary Swanzy, *Samoan Scene*

CAG.116, Mary Swanzy, *Swans*

Don **Roinn Cultúir Oidhreacht agus na Gaeltachta**, Cill Airne, 20 Samhain 2019 - 30 Meán Fómhair 2020

CAG.1917, John O'Leary, *Still Life(with fish)*

CAG.653, Gerald Bruen, *Turf Bank (Portach, Co. na Gaillimhe)*

CAG.1888, John B. Vallely, *Piper and Fiddler*
CAG.588, Fergus O'Ryan, *Figures Beside Pool and House*

CAG.1871, George K. Gillespie, *Owenmore River and Mayo Hills*

CAG.375, Sylvia Cooke-Collis, *Cahirmee Fair*

CAG.1846, Yann Renard Goulet, *Wicklow Hills*

CAG.759, Kitty Wilmer O'Brien, *Cliffs of Moher*

CAG.1860, Richard Kingston, *Goats Passing the Gap*

CAG.2562, Joan Jameson, *Barges unloading Turf Grand Canal Dublin*

CAG.677, Brigid Ganly, *Faiche Laighean (Leinster Lawn)*

CAG.2241, Norah McGuinness, *Rathmullan Shores*

CAG.176, Stella Frost, *Bog Hill, Achill Island*

IASACHTAÍ FADTÉARMACHA Ó BHAILIÚCHÁN DHÁNLANN CRAWFORD

IASACHT FHADTÉARMACH DO CHÚIRT DHÚN AR AILL, DHÚN AR AILL

Rachaidh aon phictiúr déag ón 18ú agus 19ú haois, lena n-áirítear saothar le Nathaniel Grogan, ar iasacht fhadtéarmach chuig Cúirt Dhún ar Aill. Is comhpháirtíocht spreagúil eile é seo leis an OOP leis an oscailt de Theach Doneraile do chuirteoirí poiblí den chéad uair an 29 Meitheamh 2019.

CAG.2822, Anaithnid, *Portráid de Bhall de Theaghlach J. Browne*

CAG.2821, Anaithnid, *Portráid de Bhall de Theaghlach J. Browne*

CAG.2764, Nathaniel (an té is sine) Grogan, *View of Bartholomew O'Sullivan's Paper Mills*

CAG.1877, James Arthur O'Connor, *Moonlight Scene*

CAG.1886, Stephen Catterson Smith, *Miss Catherine O'Conor of Mount Druid with Harp*

CAG.453, Alexandre-Francois Caminade, *After the Bath*

CAG.2191, John Baptist (an té is óige)
Closterman, *Portráid d'Fhear gur bhall de
theaghlach Browne a bhí ann i mBaile Róisín
Co.Chorcaí*

CAG.336, Godfrey Kneller (curtha i leith),
Portrait of a Man in Armour CAG. 870, Patrick
Hennessy, *Portrait of Elizabeth Bowen at
Bowenscourt*

CAG.837, Irish School, *Seated Gentleman with
Cane*

CAG.2006, Frans Snyders, *The Battle of the Birds*

8 CAG.2227, Godfrey Kneller (stiúideo de),
Portráid den Uasal William Robinson

CAOMHNÚ

CAOMHNÚ PICTIÚR

Níor taispeánadh líon mór saothar bailiúcháin a cuireadh san áireamh i dtaispeántais *Gibson Bequest 1919-2019, Seen, not Heard*, agus iasacht chuig Teach Dhún ar Aill, le roinnt blianta anuas agus bhí gá le leibhéil éagsúla caomhnaithe agus glantacháin a dhéanamh orthu. Nuair ab fhéidir é, rinne an Cláraitheoir agus an fhoireann theicniúil na saothar a ghlanadh agus a athfhrámáil go himheánach. Bhí gá le coimeádaithe creidiúnaithe cóireáil fhairsing a dhéanamh ar roinnt saothar, tugtar breac-chuntas ar na hoibreacha seo thíos

9 William Magrath (1838-1918), *Tara's Halls*

Tar éis comhordú a dhéanamh ar dhí-shuiteáil na hoibre seo óna shuíomh crochta ard i léachtlan, ghlan Corrie Tubman, Caomhnóir, an dromchla go fairsing, bhain sé an vearnais agus rinne sé mionchóiriú ar an bpictiúr.

Baineadh sraitheanna deannaigh agus vearnais faoi dhath chun sonraí agus figiúirí a bhí i bhfolach roimhe seo a nochtadh. Tá an obair crochta anois i nGailearaithe Gibson.

10 Martin F. Mahony, *Summer*

Dheisigh Justin Laffan, caomhnóir, damáiste don chanbhás trí phaiste a chur ar a chúl agus an caillteanas péint a líonadh isteach. Tógadh an obair as a fhráma agus tugadh le fios go raibh 2-3 orlach breise de chanbhás i bhfolach mar gheall ar fhráma neamhoiriúnach. Tá an pictiúr caomhnaithe anois agus beidh fráma nua déanta dó.

11 Norah Brigid Ni Chuill, *Game of Cards*

Bhí an chanbhás don obair seo caite go hiomlán ina chodanna agus bhí sí i riocht an-íogair. Bhain Justin Laffan an saothar óna thacaíocht agus rinne sé an chanbhás iomlán a athlíneáil agus ansin rinne sé an caillteanas péint a chomhdhlúthú agus a líonadh isteach. Rinneadh an chanbhás a athbhunú agus a fráma a athsholáthar.

CAOMHNÚ DEALBH

12 Fig Reveal

Le linn coicise, mar chuid den Fhéile Cork Midsummer Festival, bhain Caomhnóir Dealbhóireachta Eoghan Dalton na duilleoga fige ó shé fhigiúr fireann ó bhailiúchán stairiúil ar le Dánlann Crawford Canova Casts. Tar éis taighde ábhartha, ceaptar gur cuireadh na duilleoga fige seo leis tar éis theacht na Canova Casts sa bhliain 1818.








Tá na Duilleoga Fige ar taispeáint anois ar leithligh sna Dánlanna Dealbhóireachta. Ghin an tionscadal féin go leor poiblíochta sna meáin nuachta áitiúla, agus bhí sé le feiceáil i seó teilifíse an staraí Mary Beard ar an BBC "Shock of the Nude".

13 Seamus Murphy, *Virgin of the Twilight* a thabhairt ar ais do Chomhairle Cathrach Chorcaí

Bogadh Seamus Murphy, *Virgin of the Twilight*, a bhí sa Dánlann Dealbhóireachta sular athchóiríodh na spásanna taispeántais agus tá sé ar taispeáint anois i Músaem Poiblí Chorcaí. Is le Comhairle Cathrach Chorcaí an obair seo agus fágadh i dtaisce fadtéarmach í leis an Crawford in 2003/2004. D'oibrigh an Cláraitheoir le Pat O'Mahony, a bhí leis an NSF roimhe seo, ar lóistíocht an saothar a bhí snoite as aolchloch dhubh a bhogadh agus a mheá tonna méadrach. Beidh an saothar ar taispeáint go fadtéarmach i Músaem Poiblí Chorcaí mar chuid de thaispeántas ar an ealaíontóir.

14 Athchóiriú na nDánlann Dealbhóireachta

Nuair a osclaíodh *Recasting Canova* an 15 Feabhra, nochtadh na Dánlanna Dealbhóireachta nua-athchóirithe. Ón 7 Eanáir - 15 Feabhra péinteáladh an dá ghailearaí ó urlár go síleáil, glanadh na hurláir go ceimiceach agus cuireadh pliontaí nua ar na Canova Casts Is éard a bhí i gceist leis seo ná beagnach gach dealbh, dealbh bhrád agus fríos a scinceáil i ngach seomra agus Fall of the *Rebel Angels* le Samuel Forde a chrochadh arís.










BAILIÚCHÁN AR LÍNE DHÁNLANN CRAWFORD 2019

15 **Bailiúchán Crawford Ar Líne**

Tá an bailiúchán ar líne seolta anois agus tá sé inrochtana ó leathanach gréasáin Dhánlann Crawford. Le 3 bliana anuas tá Oifig an Chláraitheora ag cur le agus ag ceartú faisnéise catalóige a taifeadh ar earraí bailiúcháin ar an gCóras Bainistíochta Bailiúcháin. Tá sé seo mar chuid de thionscadal riaráiste doiciméadaithe níos mó ach chun críocha an Bailiúcháin Ar Líne a dhéanamh chomh sásúil agus is féidir d'úsáideoirí, cuireadh béim ar leith ar dhátaí saothar ealaíne a cheartú agus a chur leis, tréithe a cheartú (lena n-áirítear ainmneacha ealaíontóirí agus dátaí breithe/báis), tuairiscí ealaíne agus beathaisnéisí ealaíontóirí a chur leis (772 beathaisnéis a bhí ann cheana curtha in eagar agus ceartaithe agus 140 beathaisnéis nua curtha leis). Mar thoradh ar mhaoiniú a chuir an Roinn ar fáil in 2018 chun grianghrafadóireacht a dhéanamh ar oibreacha bailiúcháin cuireadh 819 íomhá ardaifigh den bhailiúchán leis. Anois tá 2773 taifead réada san iomlán le híomhánna ardaifigh ar fáil le breathnú ar líne. Is uirlis luachmhar í seo do chuartheoirí, taighdeoirí, múinteoirí agus mic léinn chomh maith le baill foirne inmheánacha. Fothaítear an fhaisnéis i leathanaigh an Bhailiúcháin Ar Líne go díreach ón mbunachar bailiúcháin a chinntíonn go bhfuil sí cothrom le dáta i gcónaí. Is féidir faisnéis faoi shaothair a sheiceáil gan stró agus is féidir le cuairteoirí a fheiceáil an bhfuil na saothair is fearr leo ar taispeáint nó i stóráil sula dtugann siad cuairt

Nuashonraíodh bunachar sonraí an bhailiúcháin ag tús 2020 chun an chuma a chur ar aon dul le suíomh Gréasáin nua Dhánlann Crawford.








13



13



14



14

Crawford Art Gallery

Online Collection

Welcome to the Online Collection of the Crawford Art Gallery, a National Cultural Institution, located in the heart of Cork City, Ireland. The Gallery is home to an extensive collection featuring works from the 18th century to present.

Browse the Crawford Art Gallery collection by using the quick search box, the handy drop-down list of saved searches or click on advanced search for a more detailed list of search criteria.

Search Saved Searches Sorting




15

Hippodamia and Polydorus
Alexander Allan
Lisson and 1840s



Henry Cooke
The Conversion of St. Mel, Bishop of
Loughlin, by St. Patrick

FOGHLAIM AGUS TAISCÉAL



Iarraimid ar lucht féachana an gailearaí agus na taispeántais a chuirtear i láthair a iniúchadh. Tá ár gclár beartaithe do gach duine, bíonn siad ar siúl sa ghailearaí, ar na sráideanna, i scoileanna, i suíomhanna sláinte agus i raon ionad pobail.

Cuimsíonn ár gclár ceardlanna, turais, cainteanna, léirithe, imeachtaí ar mhórsála agus tionscadail chomhpháirtíochta fadtéarmacha pobalbhunaithe agus sláinte. Tá fonn orainn éagsúlacht ar lucht féachana a léiriú, agus éagsúlacht agus castacht na hoibre ealaíne atá sa ghailearaí. Soláthraímid spás a chothaíonn samhlaíocht agus a bhfuil meas ar chruthaitheacht.

Tuigimid go gcumasaíonn dínit agus fás an duine trí aitheantas a thabhairt d'fhéiniúlacht chultúrtha an duine. Aithnímid agus tacaímid le difríocht agus cothromas rochtana.

AIDHMEANNA:

- Rannpháirtíocht agus teagmháil bhríoch le clár Crawford a spreagadh agus mothú áite a chothú dár lucht féachana.
- Aitheantas agus meas a thabhairt ar na guthanna éagsúla a bhfuil ár bpobail comhdhéanta de
- Smaointeoireacht chruthaitheach agus déanamh a spreagadh.
- Ceangal samhlaíoch a dhéanamh agus cur leis an bpictiúr níos mó maidir le tionscnaimh áitiúla agus náisiúnta.


Is í Anne Boddaert agus Emma Klemencic atá i gceannas ar an gClár Foghlaim agus Taiscéal ag Dánlann Crawford, le foireann eisceachtúil

d'ealaíontóirí saor-lása, treoraithe turais, léachtóirí agus éascaitheoirí.

ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA STIÚIR AG TAISPEÁNTAIS

① EARTH, WIND AND FIRE, MADE IN CORK CONTEMPORARY (ITHIR, GAOTH AGUS TINE, DÉANTA I GCORCAIGH COMHAIMSEARHTHA)

Leis an tsraith Dearadh sa Nádúr and Dearadh do Mhaireachtáil, phléigh na healaíontóirí taispeántais Nuala O'Donovan, Mary Palmer, Ann Kiely, Eoin Turner, Alex Pentec agus Joseph Walsh le lucht féachana éagsúil trí phlé agus trí thurais. Ba é Ithir, Gaoth agus Tine an deis chun ár nasc le go leor grúpaí a neartú agus teagmhálacha nua a thionscnamh, i measc daoine eile COC - mic léinn BEES / 4ú bliain le Eoin Lettice agus mic léinn staire Ealaíne le Sabine Kriebel (rannóg Stair na hEalaíne COC). Thug baill de Chumann Daonnúil na hÉireann cuairt ar an taispeántas ag ócáid a gcruinnithe bliantúla a tionóladh i gCorcaigh. Ar an Domhnach 10 Feabhra, bhí lá comhrá againn ar dhearadh & an Bauhaus do lucht féachana iomlán.



Design for Living

A day of conversation on design & the Bauhaus

Sunday 10 February 2019

Booking through Eventbrite

Crawford Art Gallery's Learn & Explore programme, in partnership with Dr Sabine Kriebel, UCC Art History Department

10.30am Registration

11.00am Welcome - Mary McCarthy

Opening remarks: Dr Sabine Kriebel

KEYNOTE CONVERSATION

11.15am Joseph Walsh in conversation with Peter Flynn, Director ARUP
"I think the challenge here in Ireland is to develop an understanding that creativity, the arts, an artist, an architect can fundamentally enhance society [...]"

MODERNISH TOUR

1.00pm - 1.45pm Modernish, Bauhaus Ideas in Cork's Streets: city tour with Tom Spalding (tour of city centre - 30 places max - booking through eventbrite)

BITESIZE BAUHAUS


2.00pm - 3.30pm Inspiring, bite-size presentations inspired by the Bauhaus school to celebrate its centenary

2.00pm: Ruth Asawa, the boundary between sculpture and interior decoration
Dr Jordan Troeller

2.30pm: Ideas Travel: the Bauhaus and Irish aviation
Jan Froberg (University of Limerick)

3.00pm: Vidal Sassoon, the Bauhaus influence on women's hairstyles
Marlana Mercedes Romero (Nottingham Trent University)

www.crawfordartgallery.ie



With support from ARUP

1

Crawford Art Gallery, Grand Place, Cork, Ireland T12 7M4K
info@crawfordartgallery.ie www.crawfordartgallery.ie



VOYAGES / MARY SWANZY

Ba dhuine ceannródaíoch in Ealaín na hÉireann í Mary Swanzy (1882-1978) a mhair le linn breithe na Nua-Ealaíne. Chomh maith le caint phoiblí, thug an Coimeádaí Sean Kissane cúpla turas do lucht féachana dílsithe. Chuamar i gcomhpháirtíocht le Age and Opportunity agus leis an ealaíontóir taighde beathaisnéise Liz Cullinane ar chaint ar na hamanna inar cruthaíodh go leor de phictiúir Swanzy, chomh maith leis an stair shóisialta shuibhir taobh thiar de chuid de stíleanna agus forbairtí an ealaíontóra nach raibh mórán ar an eolas faoi. (Déardaoin 16 Bealtaine). Dhírigh snáithe eile den chlár ar scríbhneoireacht chruthaitheach le Laura McKenna. Bhí an-tóir ar an gclár agus d'osclaíomar an dara seisiún chun freastal ar níos mó rannpháirtithe. Deis iontach a bhí sa chlár seo dúinn teagmháil a dhéanamh le daoine a bhféadfadh níos mó cleamhnais a bheith acu le saothair scríofa.

2 MECHANISM / ANDREW KEARNEY

Le Mechanism, lean Andrew Kearney lena iniúchadh ar stair shraitheach maidir le daoine agus foirgnimh.

I gcodarsnacht leis an gcaint Mary Swanzy, tharraing a chomhrá lucht féachana de phróifíl aoise níos óige le déantóirí agus ealaíontóirí i láthair. Labhair Andrew faoin institiúid mar áit d'ealaíontóirí riosca a thógáil. Thug daltaí ó Scoil Bernadette cuairt ar an taispeántas mar chuid dá clár um Scoileanna Cruthaitheacha.

3 RECASTING CANOVA

Ar ócáid an dhá chéad bliain ó tháinig siad go Corcaigh, bhreathnaíomar ar bhailiúchán Canova Casts ó dhearcadh nua, chun athbhreithniú a

dhéanamh ar a stair agus a n-oidhreacht ríthábhachtach mar fhórsa giniúna sna healaíona, agus chun na scéalta saibhre a bhaineann leis na figiúirí a léiríonn siad agus na daoine a spreag siad a nochtadh.

Áiríodh sa chlár cainteanna ar athchóiriú agus ar chaomhnú agus ar stair na gcastaí chomh maith le sraith seisiún líníochta sa dánlann leis an ealaíontóir Eileen Healy.

Thug seachtain na heolaíochta deis iontach chun comhoibriú le Jonathan Beck ó Scan the World chun ceardlanna a thairiscint do scoileanna ar Fhótagraiméadracht agus scanadh 3d. (<https://www.myminifactory.com/object/3d-print-the-drunken-faun-107110>)

4 SEEN NOT HEARD / SEEN AND HEARD

Taispeántas ar mhórsála & spás súgartha turgnamhach tumtha

Bhí an taispeántas agus an spás súgartha mar chuid lárnach den tionscadal iomlán a ceapadh chun comhlánú a gcéile. Ar urlár uachtarach na dánlainne tugadh cuireadh oscailte a thabhairt do chuirteoirí de gach aois agus tosaíocht a thabhairt d'aoisghrúpaí áirithe ag amanna éagsúla. Rinneadh spás súgartha Seen and Heard a chlárú agus a théama le béim dhifriúil i mí Iúil, Lúnasa, Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair

I rith míonna an tsamhraidh, agus leanaí ar saoire, chláraíomar an spás le tuismitheoirí / caomhnóirí agus grúpaí campa samhraidh níos lú i gcuimhne, san fhómhar dhíríomar iarrachtaí níos sainiúla ar scoileanna súgartha agus scoileanna chomh maith le himeachtaí ag deireadh na seachtaine.



Áiríodh sa spás freisin spás léitheoireachta le leabhair ealaíne do leanaí, balla líníochta a raibh an-tóir air agus spás atá tiomnaithe do dhéanamh le táblaí agus stóil ar airde éagsúla agus soláthar bunábhar ealaíne chun spás a thairiscint do shamhlaíocht ár gcuirteoirí chun ligean dóibh scríbhneoireacht, líníocht, colláis agus go leor eile a chleachtadh.

Bhíomar i gcomhpháirtíocht freisin le Féile Scannán Chorcaí d'fhéile ghearr a oireann do theaghlach See and Hear agus leis an gcuideachta Amharclann Graffiti, agus le clár ealaíne luathbhliana 'Beag'.

